# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 333

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

1 Meán Fómhair 2022

Clár

II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 333/01 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10784 — BAIN CAPITAL / BPEA / CITIUSTECH) ([1]) ..... 1

2022/C 333/02 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10803 — ELKEM / HYDRO ENERGI INVEST / ALTOR FUND MANAGER / VIANODE) ([1]) ..... 2

2022/C 333/03 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10633 – SUEZ / ACEA / JV) ([1]) ..... 3

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 333/04 Rátaí malairte an euro — 31 Lúnasa 2022 ..... 4

**An Chúirt Iniúchóirí**

2022/C 333/05 Tuairim 04/2022 *(de bhun Airteagal 287(4) agus 322(1)(a), CFAE)* maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060, Rialachán (AE) 2021/2115, Treoir 2003/87/CE agus Cinneadh (AE) 2015/1814 (2022/0164 (COD)) ..... 5

GA

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

**An Coimisiún Eorpach**


2022/C 333/06 Fógra de bhun Airteagal 29(2) de na Rialacháin Foirne — Foilsiú folúntais d'fheidhm Stiúrthóir um an Ionad Oibre agus an Fholláine sa Bhruiséil (HR.D) (AD14) — COM/2022/10415 ..... 6

2022/C 333/07 Fógra de bhun Airteagal 29(2) de na rialacháin foirne — Foilsiú folúntais d'fheidhm Stiúrthóir HR le haghaidh Suíomhanna agus Seirbhísí Sonracha i Lucsamburg (HR.E) (AD14) — COM/2022/10416 ..... 7


IMEACHTA CÚIRTE

**An Coimisiún Eorpach**


2022/C 333/08 Cúirt CSTE — Iarraidh ar Thuairim Chomhairleach ó Chúirt CSTE ó Fürstliches Obergericht dar dáta an 28 Aibreán 2022 i gcás Christian Maitz v AHV-IV-FAK (Cás E-5/22) ..... 8


NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

**An Coimisiún Eorpach**


2022/C 333/09 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10868 – DIGITALBRIDGE / BROOKFIELD / DTAG / JV) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) ..... 9

2022/C 333/10 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10721 — CELANESE / DUPONT (MOBILITY & MATERIALS BUSINESS)) ([1]) ..... 11

2022/C 333/11 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10826 — GOLDMAN SACHS / NORGINE) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) ..... 12

2022/C 333/12 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10846 – CVC Funds / Visma Custom Solutions) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) ..... 14

2022/C 333/13 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10612 – NIS / HIPP) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) ..... 16


---

**Ceartúcháin**


2022/C 333/14 Ceartúchán ar Mholadh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le naisc a chothú le haghaidh comhar éifeachtach Eorpach san ardoideachas (IO C 160, 13.4.2022) ..... 17


([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

*(Faisnéis)*

# FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi

## (Cás M.10784 — BAIN CAPITAL / BPEA / CITIUSTECH)

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 333/01)

An 2 Lúnasa 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10784. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

**Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**

**(Cás M.10803 — ELKEM / HYDRO ENERGI INVEST / ALTOR FUND MANAGER / VIANODE)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 333/02)

An 24 Lúnasa 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10803. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

## Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi

## (Cás M.10633 – SUEZ / ACEA / JV)

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 333/03)

An 29 Lúnasa 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10633. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Rátaí malairte an euro [1]

**31 Lúnasa 2022**

(2022/C 333/04)

**1 euro =**

| | Airgeadra | Ráta malairte | | Airgeadra | Ráta malairte |
|---|---|---|---|---|---|
| USD | dollar na Stát Aontaithe | 1,0000 | CAD | dollar Cheanada | 1,3111 |
| JPY | yen na Seapáine | 138,72 | HKD | dollar Hong Cong | 7,8488 |
| DKK | krone na Danmhairge | 7,4371 | NZD | dollar na Nua-Shéalainne | 1,6322 |
| GBP | punt steirling | 0,86035 | SGD | dollar Shingeapór | 1,3969 |
| SEK | krona na Sualainne | 10,6788 | KRW | won na Cóiré Theas | 1 342,79 |
| CHF | franc na hEilvéise | 0,9796 | ZAR | rand na hAfraice Theas | 17,0667 |
| ISK | króna na hÍoslainne | 141,70 | CNY | renminbi-yuan na Síne | 6,8947 |
| NOK | krone na hIorua | 9,9388 | HRK | kuna na Cróite | 7,5148 |
| BGN | lev na Bulgáire | 1,9558 | IDR | rupiah na hIndinéise | 14 849,93 |
| CZK | koruna Phoblacht na Seice | 24,550 | MYR | ringgit na Malaeisia | 4,4755 |
| HUF | forint na hUngáire | 402,80 | PHP | peso na nOileán Filipíneach | 56,153 |
| PLN | zloty na Polainne | 4,7283 | RUB | rúbal na Rúise | |
| RON | leu na Rómáine | 4,8595 | THB | baht na Téalainne | 36,450 |
| TRY | lira na Tuirce | 18,1849 | BRL | real na Brasaíle | 5,1482 |
| AUD | dollar na hAstráile | 1,4591 | MXN | peso Mheicsiceo | 20,2044 |
| | | | INR | rúipí na hIndia | 79,5465 |

(1) *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

# AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

**Tuairim 04/2022**

*(de bhun Airteagal 287(4) agus 322(1)(a), CFAE)*

**maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060, Rialachán (AE) 2021/2115, Treoir 2003/87/CE agus Cinneadh (AE) 2015/1814 (2022/0164 (COD))**

(2022/C 333/05)

Tá tuairim 04/2022 (de bhun Airteagail 287(4) agus 322(1)(a), CFAE) foilsithe ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060, Rialachán (AE) 2021/2115, Treoir 2003/87/CE agus Cinneadh (AE) 2015/1814 [2022/0164 (COD)].

Más maith leat an tuairim a léamh nó a íoslódáil, is féidir é sin a dhéanamh ag suíomh gréasáin Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:

https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/DocItem.aspx?did=61912

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

# AN COIMISIÚN EORPACH

**FÓGRA DE BHUN AIRTEAGAL 29(2) DE NA RIALACHÁIN FOIRNE**

**Foilsiú folúntais d'fheidhm Stiúrthóir um an Ionad Oibre agus an Fholláine sa Bhruiséil (HR.D) (AD14)**

**COM/2022/10415**

(2022/C 333/06)

Tá fógra folúntais foilsithe ag an gCoimisiún Eorpach (tagairt COM/2022/10415) d'fheidhm Stiúrthóir um an Ionad Oibre agus an Fholláine (HR.D)(grád AD 14).

Chun téacs an fhógra folúntais a fheiceáil in 24 theanga agus chun d'iarratas a chur isteach, téigh chuig an leathanach gréasáin tiomnaithe seo ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh: https://europa.eu/!7vTJDM

## FÓGRA DE BHUN AIRTEAGAL 29(2) DE NA RIALACHÁIN FOIRNE

### Foilsiú folúntais d'fheidhm Stiúrthóir HR le haghaidh Suíomhanna agus Seirbhísí Sonracha i Lucsamburg (HR.E) (AD14)

### COM/2022/10416

(2022/C 333/07)

Tá fógra folúntais foilsithe ag an gCoimisiún Eorpach (tagairt COM/2022/10416) d'fheidhm Stiúrthóir HR le haghaidh Suíomhanna agus Seirbhísí Sonracha (HR.E) (grád AD 14).

Chun téacs an fhógra folúntais a fheiceáil in 24 theanga agus chun d'iarratas a chur isteach, téigh chuig an leathanach gréasáin tiomnaithe seo ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh: https://europa.eu/!WMjtYV

# IMEACHTA CÚIRTE

# AN COIMISIÚN EORPACH

## CÚIRT CSTE

### Iarraidh ar Thuairim Chomhairleach ó Chúirt CSTE ó Fürstliches Obergericht dar dáta an 28 Aibreán 2022 i gcás Christian Maitz v AHV-IV-FAK

**(Cás E-5/22)**

(2022/C 333/08)

An 28 Aibreán 2022, rinne Fürstliches Obergericht (Cúirt Achomhairc na Prionsachta) iarraidh ar Thuairim Chomhairleach a fháil ó Chúirt CSTE i gcás Christian Maitz v AHV-IV-FAK agus an 3 Bealtaine 2022 fuair Clárlann na Cúirte an iarraidh sin maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

1. De réir raon feidhme *ratione personae* Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 (IO 2004 L 166, lch. 1), arna ionchorprú i gComhaontú LEE leis an gCinneadh ó Chomhchoiste LEE an 1 Iúil 2011 (LGBl. 2012 Uimh. 202), an gá gur i gceann de na Ballstáit atá an náisiúnach Ballstáit ina chónaí, ar náisiúnach é atá faoi réir reachtaíocht Ballstáit amháin nó níos mó de réir bhrí Airteagal 2(1) den Rialachán sin?

   Más é an freagra nár ghá sin:

   An féidir an freagra ar an gceist sin a athrú dá dtabharfadh an tAontas Eorpach nó Ballstát LEE comhaontú le tríú tír i gcrích, ar comhaontú é lenar leathnaíodh raon feidhme chur i bhfeidhm an Rialacháin luaite chun an tríú tír a chumhdach?

2. Maidir le fianú de réir bhrí Airteagal 19(2) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO 2009 L 284, lch. 1), arna ionchorprú i gComhaontú LEE leis an gCinneadh ón gComhchoiste an 1 Iúil 2011 (LGBl. 2012 Uimh. 202), an gá an fianú sin a eisiúint trí bhíthin foirm (PD A1) a leagann an Coimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta síos chun na héifeachtaí dlíthiúla a shonraítear in Airteagal 5(1) den Rialachán sin a bheith ann?

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.10868 – DIGITALBRIDGE / BROOKFIELD / DTAG / JV)

## Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 333/09)

1. An 24 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— DigitalBridge Group, Inc. ("DigitalBridge", na Stáit Aontaithe),

— Brookfield Asset Management Inc. ("Brookfield", Ceanada),

— Deutsche Telekom AG ("DTAG", an Ghearmáin),

— DFMG Holding GmbH ("DFMG", an Ghearmáin), faoi rialú deiridh DTAG faoi láthair.

Gheobhaidh DigitalBridge, Brookfield agus Deutsche Telekom rialú comhpháirteach ar DFMG de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta bonneagair dhigitigh tiomnaithe ar scála domhanda é DigitalBridge atá liostaithe ar Stocmhalartán Nua-Eabhrac. Tá infheistíocht á déanamh ag DigitalBridge i gcúig phríomhearnáil: (i) lárionaid sonraí; (ii) crainn chumarsáide; (iii) líonraí snáithíní; (iv) mioncheallа; agus (v) bonneagar ciumhais,

— Is bainisteoir sócmhainní domhanda é Brookfield a thairgeann réimse de tháirgí agus de sheirbhísí infheistíochta poiblí agus príobháideacha, agus tá sé comhliostaithe ar stocmhalartán Nua-Eabhrac agus ar stocmhalartán Toronto. Tá infheistíocht Brookfield dírithe ar réadmhaoin, bonneagar, cumhacht inathnuaite, agus cothromas príobháideach,

— Is soláthraí seirbhísí comhtháite teileachumarsáide agus teicneolaíochta faisnéise é DTAG agus tá gníomhaíochtaí aige ar fud an domhain i níos mó ná 50 tír. Cuireann DTAG seirbhísí teileachumarsáide seasta agus soghluaiste, táirgí Idirlín agus IPTV chomh maith le táirgí TF ar fáil do thomhaltóirí san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe den chuid is mó . Ina theannta sin, cuireann DTAG seirbhísí teileachumarsáide ar fáil d'iompróirí agus do sholáthraithe seirbhíse idirlín eile ar an leibhéal mórdhíola chomh maith le réitigh teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide do chustaiméirí meánmhéide agus móra ar fud an domhain.

— Tá DFMG ina úinéir ar bhonneagar teileachumarsáide éighníomhach gan sreang agus oibríonn sé an bonneagar sin (i.e., na túir, na suíomhanna dín agus na mioncheallа mar a thugtar orthu) sa Ghearmáin agus san Ostair. Go sonrach, cuireann DFMG seirbhísí fáilteachais bonneagair teileachumarsáide (i.e. léasú spáis ar shuíomhanna líonra soghluaiste atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo) ar fáil do na hoibreoirí líonraí soghluaiste agus do na craoltóirí agus do líonraí raidió digiteacha na n-údarás poiblí sa Ghearmáin agus san Ostair.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10868 – DIGITALBRIDGE / BROOKFIELD / DTAG / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.10721 — CELANESE / DUPONT (MOBILITY & MATERIALS BUSINESS))**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 333/10)

1. An 23 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Celanese Corporation ("Celanese", Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— DuPont's Mobility & Materials Business, faoi rialú DuPont de Nemours, Inc. (Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh A Celanese rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar DuPont's Mobility & Materials Business ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Cuideachta dhomhanda ábhar ceimiceach agus sainábhar is ea Celanese, agus táirgeann sé polaiméirí monaraithe ardfheidhmíochta a úsáidtear le haghaidh feidhmeanna éagsúla, agus is táirgeoir táirgí aicéitile é freisin, ar ceimiceáin idirmheánacha iad do na mórthionscail uile, beagnach. Freastalaíonn punann táirgí Celanese ar thacar éagsúil feidhmeanna úsáide deiridh.

— Soláthraíonn DuPont's Mobility & Materials Business teirmeaplaistigh, leaistiméir, taos, filiméid agus ardscannáin innealtóireachta d'innealtóirí agus dearthóirí sna margaí deiridh iompair, leictreonaic, fuinnimh inathnuaite, tionsclaíocha agus tomhaltóra chun réitigh córas a chumasú le haghaidh feidhmeanna agus timpeallachtaí deacra.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10721 — CELANESE / DUPONT (MOBILITY & MATERIALS BUSINESS)

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.10826 — GOLDMAN SACHS / NORGINE)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 333/11)

1. An 24 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— The Goldman Sachs Group, Inc. ("Goldman Sachs", Stáit Aontaithe Mheiriceá);

— Norgine Europe B.V. in éineacht lena fhochuideachtaí díreacha agus indíreacha ("Norgine Group" nó an "Sprioc", an Ísiltír).

Gheobhaidh Goldman Sachs rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Norgine ina iomláine ([2]).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht domhanda baincéireachta, urrús agus bainistíochta infheistíochta é Goldman Sachs a sholáthraíonn réimse seirbhísí baincéireachta, urrús agus infheistíochta ar fud an domhain do bhonn cliant suntasach éagsúlaithe, lena n-áirítear corparáidí, institiúidí airgeadais, rialtais agus daoine a bhfuil glanfhiúchas ard acu,

— Is cuideachta sainearraí cógaisíochta é Norgine Group, a bhfuil a cheanncheathrú acu san Ísiltír, agus déanann sé earraí cógaisíochta a fhorbairt, a mhonarú agus a mhargú go príomha sna réimsí teiripeacha seo a leanas: gaistreintreolaíocht, heipiteolaíocht, cúram éigeandála, haemaiteolaíocht, obstatraic, cairdeolaíocht, oinceolaíocht, úireolaíocht agus néareolaíocht.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([3]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10826 — GOLDMAN SACHS / NORGINE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) Sula dtabharfar an tIdirbheart chun críche, déanfar Norgine Ventures B.V. agus a fhochuideachtaí díreacha agus indíreacha ("Norgine Ventures") a scaradh ó Norgine Group, arb é Sprioc an Idirbhirt.
([3]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.10846 – CVC Funds / Visma Custom Solutions)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 333/12)

1. An 25 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle [1].

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CVC Capital Partners SICAV-FIS S.A. ("CVC Funds", Ard-Diúcacht Lucsamburg),

— Fochuideachtaí áirithe de Visma Norge Holding AS, Visma Finland Holding Oy, Visma Sverige Holding AB, Visma Danmark Holding A/S agus Visma International Holding AS ("Visma Custom Solutions", a chuimsíonn 25 chuideachta a bhfuil a gceanncheathrú sa Danmhairg, san Fhionlainn, sa Liotuáin, san Iorua agus sa tSualainn).

Gheobhaidh CVC Funds rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Visma Custom Solutions ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— maidir le CVC Funds: gnólacht comhairleach cothromais príobháidigh agus infheistíochta a sholáthraíonn comhairle agus bainistiú le haghaidh cistí infheistíochta a bhfuil leasanna acu i roinnt cuideachtaí atá gníomhach i dtionscail éagsúla,

— maidir le Visma Custom Solutions: soláthraí seirbhísí TF ar speisialtóir é i ndáil le bogearraí custaiméirí a fhorbairt agus seirbhísí comhairliúcháin TF a sholáthar dá chustaiméirí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le comhchruinnithe áirithe a láimhseáil faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle [2], ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10846 – CVC Funds / Visma Custom Solutions

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

(1) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
(2) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
AN BHEILG/BELGIQUE/BELGIË

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.10612 – NIS / HIPP)

## Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 333/13)

1. An 24 Lúnasa 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Naftna Industrija Srbije a.d. Novi Sad ("NIS", an tSeirbia), faoi rialú PJSC Gazprom ("Gazprom", an Rúis),

— HIP-Petrohemija LLC Pancevo ("HIPP", an tSeirbia), faoi rialú Phoblacht na Seirbia.

Gheobhaidh NIS rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar HIPP ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is corparáid fuinnimh ilnáisiúnta de chuid na Rúise ar leis an stát féin tromlach na húinéireachta é Gazprom. Is cuideachta fuinnimh atá comhtháite go hingearach é NIS, cuideachta atá gníomhach i dtaighde, táirgeadh agus scagadh ola agus gáis nádúrtha, díolacháin agus dáileachán réimse leathan táirgí peitriliam, agus i gcur i gcrích tionscadail i réimse na peitriceimice agus an fhuinneamhachais,

— Is cuideachta peitriceimiceán é HIPP, cuideachta atá gníomhach i dtáirgeadh agus dáileadh táirgí amhail eitiléin, poileitiléin agus rubar sintéiseach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10612 – NIS / HIPP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

**CEARTÚCHÁIN**

**Ceartúchán ar Mholadh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le naisc a chothú le haghaidh comhar éifeachtach Eorpach san ardoideachas**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C 160 an 13 Aibreán 2022)*

(2022/C 333/14)

Ar leathanach 7:

*in ionad:* "Iarrtar orthu an Coimisiún a chur ar an eolas faoin *[cuir isteach an dáta 12 mhí tar éis don Chomhairle iad a ghlacadh]* faoi na bearta comhfhreagracha atá le déanamh ag an leibhéal iomchuí chun tacú le cuspóirí an Mholta seo mar chéimeanna bunriachtanacha chun an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025.",

*léitear:* "Iarrtar orthu an Coimisiún a chur ar an eolas faoi mhí Bealtaine 2023 faoi na bearta comhfhreagracha atá le déanamh ag an leibhéal iomchuí chun tacú le cuspóirí an Mholta seo mar chéimeanna bunriachtanacha chun an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025.".

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA